

Roinn Comhshaoil agus Iompair, Oifigí na Cathrach, Bloc 4 Urlár 0, An Ché Adhmaid, BÁC 8  
Environment and Transportation Department, Block 4 Floor 0 Civic Offices,  
Wood Quay, Dublin 8. T: 222 2165 F: 222 2366 [Casualtrading@dublincity.ie](mailto:Casualtrading@dublincity.ie)

Táille Ceadúnais €

**ECDAI**  
Tuairisc – Ainm an Iarratasóra  
Áit Thrádála



Comhairle Cathrach  
Bhaile Átha Cliath  
Dublin City Council

Uimh. Admhála:	Uimh. Ceadúnais:
Dáta:	Dáta Eísithe:
Méid Ioctha:	Dáta Éaga:

**Foirm Iarratais ar Cheadúnas Corrthrádála Áite Ainmnithe**  
**AN TACHT CORR-THRÁDÁLA, 1995**

**LÉIGH AN TAOBH THALL SULA gCOMHLÍONANN TÚ AN FHOIRM SEO.**

SCRÍOBH I mBLOCLITREACHA, LE DO THOIL

**Sonraí an Iarratasóra:**

Ainm an Iarratasóra: \_\_\_\_\_

Seoladh Iomlán  
Poist: \_\_\_\_\_

Uimh. Fón Póca: \_\_\_\_\_

R-Phost: \_\_\_\_\_

Dáta Breithe: \_\_\_\_\_

Uimh. PSP / Uimh. Thagartha Cánach (OCC): \_\_\_\_\_

**Grianghraf den Iarratasóir:**



Féach Coinníollacha 2 agus 3

Árachas Dlíteanais Phoiblí:

**Ainm na Cuideachta Árachais:**

**Dáta Athnuachana Árachais:**

**Sonraí Trádála:**

Áit Thrádála: \_\_\_\_\_ Uimh. Ionaid \_\_\_\_\_

Earraí lena ndíol: \_\_\_\_\_

Dáta Tosaigh na Trádála: \_\_\_\_\_

**Más rud é go raibh Cheadúnas Corrthrádála agat roimhe, luaigh na nithe seo a leanas le do thoil:**

Uimhir an Cheadúnais: \_\_\_\_\_

Dáta Éaga: \_\_\_\_\_

**Dearbhaím:-**

1. Nár ciontaíodh mé in dhá chion nó níos mó faoin Acht Corr-Thrádála 1995, laistigh de thrí bliana roimh an dháta ar a bhfuil sé beartaithe agam tús a chur le corrrhrádáil.
2. Go bhfuil na sonraí roimhe seo ceart.
3. Go bhfuil coinníollacha an Cheadúnais léite agam agus go n-aontaím go gcloífidh mé leo

**Síniú:** \_\_\_\_\_

**Dáta:** \_\_\_\_\_

**Cuirim faoi iamh seic/dréacht bainc/ordú poist/ordú airgid atá iníoctha le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath don táille a socraíodh faoi Fhodhlíthe ag an Údarás Áitiúil faoi Alt 6 den Acht Corr-Thrádála, 1995.**

**N.B.: Má ghlacann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le hiarratas, ní ráthú é sin go ndeonófar ceadúnas.**

---

### **COINNÍOLLACHA CEADÚNAIS CORRTHRÁDÁLA**

1. Ní féidir ach an Sealbhóir Ceadúnais nó an Gníomhaire amháin Corrrhrádáil a dhéanamh san áit a shonraítear ar an gceadúnas.
2. Tabharfaidh sealbhóir ceadúnais ainmneacha, seoltaí na ndaoine sin atá ag gníomhú mar sheirbhísigh/ghníomhairí dó do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
3. Ní mór dhá ghrianghraf den iarratasóir agus aon ghrianghraf amháin den Seirbhíseach/Gníomhaire a thabhairt. Ní mór grianghraif a chur isteach gach dhá bhliain.
4. Beidh trádáil srianta don áit a shanntar ar na hamanna agus na dátaí a shonraítear agus ní bheidh aon earraí ná aon rud eile ag crochadh os cionn stáinín nó ní chuirfear ar an tsráid iad seachas laistigh den ionad a shanntar.
5. Ní mór don sealbhóir ceadúnais uimhir an cheadúnais a chur ar taispeáint go soiléir ag a áit trádála sa chaoi go mbeidh sí le feiceáil go soiléir agus inléite go héasca ag an bpobal.
6. Arna iarraidh sin dó, cuirfidh an Sealbhóir Ceadúnais a cheadúnas ar fáil don duine sin.
7. Ní mór don Sealbhóir Ceadúnas nó don Gníomhaire trádáil a dhéanamh i bhfoisceacht aon mheadar amháin den stáinín.
8. Beidh an Sealbhóir Ceadúnais i gcónaí i láthair i gcás inar féidir é. Ceadáitear nach mbeidh an sealbhóir ceadúnais i láthair le linn tréimhsí saoire nó mar gheall ar bhreitheacht ach ní mór an neamhláithreachta sin a chur in iúl do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a luaithe is féidir agus laistigh de 2 mhí ó stad a chur leis an trádáil (R-phost: [casualtrading@dublincity.ie](mailto:casualtrading@dublincity.ie)). Tá teastas dochtúra ag teastáil maidir le tréimhse fada neamhláithreachta.
9. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aon ionad a fhágtar folamh ag sealbhóir ceadúnais ar feadh 2 mhí gan míniú réasúnta a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a athshannadh.
10. I gcás go bhfuil Gníomhairí ainmnithe ann, ní féidir ach le beirt an stáinín a oibriú ag aon am ar leith.
11. Ní féidir ach na hearraí a shonraítear ar an gceadúnas a dhíol.
12. Ní dhíolfaidh an sealbhóir ceadúnais earraí bréige agus ní mór dó a bheith in ann rian páipéir a chur ar fáil lena n-aithnítear foinse na n-earraí agus lena n-aithnítear cad as a dtáinig an stoc.
13. Aithneoidh an sealbhóir ceadúnais na hearraí uile a dhíoltar mar “earraí den dara grád” ag an bpointe díolacháin.

14. Ní mór do thrádálaithe bia-ábhar riachtanais Oifigeach Sláinte Comhshaoil FSS maidir le rialú reachtúil ar bhia a chomhlíonadh.
15. **Diúscairt Dramhaíola**
- a. Freagracht an trádálaí atá ann fáil réidh leis an dramhaíl a chruthaítear ag gach áit trádála.
  - b. Cuirfidh an sealbhóir ceadúnais coimeádán/soitheach oiriúnach ar fáil le haghaidh dramhaíola, ar gá é a choimeád laistigh den ionad a shanntar le linn amanna trádála.
  - c. Ní ligfidh an sealbhóir ceadúnais do bhruscar a chnadh le linn uaireanta trádála i gcomharsanacht an ionaid a shanntar.
  - d. Ag deireadh gach lá trádála, glanfaidh an sealbhóir ceadúnais an t-ionad a shanntar agus déanfaidh sé socruithe maidir le fáil réidh leis an ndramhaíl a chruthaítear agus í a dhiúscairt i gceart.
  - e. Tá dhá rogha ag trádálaithe faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 chun a gcuid dramhaíola a dhiúscairt –
    - 1) Socruithe a dhéanamh go ndéanfaidh cuideachta phríobháideach diúscairt dramhaíola é nó
    - 2) Socruithe a dhéanamh go ndéanfar an diúscairt dramhaíola ar bhealach ceart malartach.
  - f. Ní mór do thrádálaithe a gcuid freagrachtaí faoin reachtaíocht Bainistithe Dramhaíola agus Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a chomhlíonadh. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfaí ionchúiseamh a bheith mar thoradh air.
16. **Stainníní**
- a. Cuirfidh sealbhóir ceadúnais stainnín/aonad ar fáil ar a chostas féin, agus caithfear sonraíocht an stainnín/aonaid siúd a aontú le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
  - b. Ní mór stainníní a choimeád ar chaighdeán maith cuma agus deisithe.
  - c. Ní mór an stainnín agus rudaí eile a bhaint den tsráid tar éis na huaireanta trádála a shonraítear ar an gceadúnas, seachas má aontaítear a mhalairt le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
  - d. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aon stainnín nó cineál soithigh a fhaightear in áit thrádála lasmuigh d'uaireanta trádála agus/nó aon earraí nó rudaí a fhágtar lasmuigh den ionad a shanntar am ar bith a bhaint.
  - e. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart aon ionad a fhágtar folamh ag sealbhóir ceadúnais ar feadh dhá mhí gan míniú réasúnta a chur ar fáil do Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a athshannadh.
17. Ní chuirfidh an sealbhóir ceadúnais bac ar aon ghnólacht, áitreabh, cosán, bóthar poiblí nó ceart bealaigh poiblí.
18. Ní dhéanfaidh an sealbhóir ceadúnais trádáil ar bhealach a mhaslaíonn duine nó a d'fhéadfadh duine a mhaslú.
19. Coimeádann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an ceart trádáil a chur ar fionraí chun oibreacha ar bhóthar, cosán, bonneagar eile, nó ar láithreáin atá taobh leis, a éascú nó ar chúiseanna eile oibríochta agus i gcás ina bhfuil sé indéanta trádálaithe atá ann cheana féin áit a bhfuil na hoibreacha nó atá taobh leo, a athlonnú in ionaid trádála ainmnithe eile atá ar fáil laistigh de limistéar riaracháin na Comhairle Cathrach. Déanfar é seo tar éis dul i gcomhairle le trádálaithe.
20. Ní mór don sealbhóir ceadúnais Árachais Dlíteanais Phoiblí a bheith i bhfeidhm aige i gcónaí, agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath á shlánú ar luach €6.4m i gcás aon timpiste amháin.
21. Ní mór don sealbhóir ceadúnais deimhniú reatha imréitigh cánach bailí a bheith i bhfeidhm aige i gcónaí.
22. Ní mór don sealbhóir ceadúnais fógra dhá mhí a thabhairt má tá sé le hionad a ghéilleadh.
23. Agus é lonnaithe in áit thrádála, is gá don sealbhóir ceadúnais géilleadh do gach iarratas dleathach ó Oifigeach Údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána.

24. Féadfar an ceadúnas a chúlghairm am ar bith más rud é gur sáraíodh aon cheann de choinníollacha an cheadúnas nó má tá sé á shárú.
25. Aon duine a sháróidh aon cheann de choinníollacha an cheadúnais, beidh sé ciontach i gcion agus, ar a chiontú go hachomair, dlífeair fíneáil nach mó ná €1,270 a chur air.

## Corrthrádáil agus Trádáil ar Ócáidí – RGCS

### Fáthanna a iarrtar do shonraí pearsanta

- Tá do shonraí de dhíth chun d'iarratas ar cheadúnas Corrthrádála/Trádála ar Ócáidí a phróiseáil.
- Bailítear do shonraí chun iarratais ar Cheadúnas Corrthrádála/Trádála ar Ócáidí a phróiseáil. Déantar foráil ar an mbunús dlí faoin Acht Corr-Thrádála 1995 agus faoi na Fodhlíthe Corrthrádála 2013.
- **Má éiríonn le d'iarratas, d'fhéadfadh go mbeadh gá le do shonraí a roinnt leis na comhlachtaí reachtúla .i. An Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, an tAire Leasa Shóisialaigh.**
- Má cheadaítear an Ceadúnas Corrthrádála/Trádála ar Ócáidí, coimeádfar na sonraí a chuireann tú ar fáil go slán ar feadh tréimhse suas le seacht mbliana.
- Mura soláthraíonn tú na sonraí pearsanta atá de dhíth faoin Acht Corr-Thrádála 1995 agus faoi na Fodhlíthe Corrthrádála 2013, ní bheidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in ann d'iarratas a phróiseáil.

Le níos mó eolais ar Ráiteas Príobháideachais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fháil cliceáil ar <http://www.dublincity.ie/privacy-statement?language=ga>

Má tá níos mó eolais ag teastáil uait maidir le halt 4 (11) den Acht Corr-Thrádála, nó má tá tú ag iarraidh é a léamh, cliceáil ar <http://www.irishstatutebook.ie/eli/1995/act/19/section/4/enacted/en/html#sec4>

Má tá níos mó eolais ag teastáil uait maidir leis an Acht Corr-Thrádála, 1995 (a cuireadh isteach le halt 141 den Acht Airgeadais, 1996) cliceáil ar <http://www.irishstatutebook.ie/eli/1996/act/9/section/141/enacted/en/html>

Má tá níos mó eolais ag teastáil uait maidir le halt 13 den Acht Corr-Thrádála, 1995 (Clár na gCeadúnas Corr-Thrádála ar ríomhaire) cliceáil ar <http://www.irishstatutebook.ie/eli/1995/act/19/section/13/enacted/en/html#sec13>

Síniú Iarratasóra: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_